



# An Luan: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a bhím cneasta agus comhbhách

*Ós sibhse an pobal tofa, pobal naofa muirneach Dé, cuirigí umaibh trua croí, cineáltas, uirisle, ceansacht agus foighne. (Col 3:12)*

## Breathnaímis

- Pléigh an taithí atá ag na daltaí maidir leis an gcineáltas. Spreag iad le smaoineamh faoi na huaireanta ina raibh duine eile cineálta leo. Cén duine a bhí ann? Cén rud cineálta a rinneadar? Conas mar a mhothaigh an páiste?

An cuimhin leis na páistí go raibh siad féin cineálta le duine eile riamh?

- Cad a rinne/dúirt siad
- Conas mar a mhothaíodar?
- An bhfuil bealaí éagsúla ann ina bhféadfaimis a bheith cineálta?
- Cé hiad na daoine a roinneann cineáltas linn?
- Conas mar a léirimid cineáltas sa bhaile/ar scoil/ag imirt dúinn/le hainmhithe/sa timpeallacht?
- Cad a deirimid nuair a bhímid cineálta?

## Paidir

A Dia Chaoin, gabhaim buíochas leat as na daoine ar fad a léiríonn cineáltas i mo leith. Éist liom agus a gcuid ainmneacha á ríomhadh istigh i mo chroí féin agam. (Sos) Cabhraigh liom a bheith cineálta leis na daoine atá thart orm. Cabhraigh liom cuimhneamh ar an gcineáltas a léiriú i gcónaí. Amen.

## Le Foghlaim

Ar léigh nó ar chuala na páistí scéalta ina raibh an cineáltas le sonrú iontu?

Mar Shampla:

- *An Luchóg is an Leon* (Finscéalta Aesóp)
- *The Smartest Giant in Town* le Julia Donaldson
- *The Rainbow Fish* le Marcus Pfister

ITá iliomad scéal sa Bhíobla a dhéanann cur síos ar chineáltas Dé, rud atá le sonrú ó thús, tríd síos. I scéal chruthú an domhain tá cur síos ar na bronntanais iontacha a chruthaigh Dia le roinnt linne (*Ag Fás i nGrá*, Naíonáin Shóisearach, Téama 2: Ár nDomhan; *Ag Fás i nGrá*, Naíonáin Shinsearach, Téama 1: Ár nDomhan, Téama 5: Naomh Bríd agus an Tobar). Is é an féirín is mó a bhronn Dia orainn ná a mhac féin Íosa. Sa Tiomna Nua tá scéalta le léamh maidir le Íosa a bheith ag léiriú an chineáltais i leith a mhuintire féin, i leith cairde, agus bhíodh sé cineálta le daoine nuair a bhuail sé leo den chéad uair. Múineann Íosa dúinn conas a bheith cineálta le cách.

Roinn ceann de na scéalta seo leanas ón Tiomna Nua leis na daltaí.

- Na Deich Lobhar (Lúcás 17:11-19)
- An Cúig Mhíle á gCothú (Eoin 6:1-13) FiG, NM, Téama 6: Íosa, Ceacht 2
- Smacht ag Críost ar an Stoirm (Marcas 4:35-41/Matha 8:23-27) FiG, NM, Téama 6: Íosa, Ceacht 3
- Íosa agus an fear dall Bairtiméas (Marcas 10:46-52) FiG, NM, Téama 6: Íosa, Ceacht 4



## Cíor

- Conas mar a roinn Íosa a chineáltas?
- Bhí sé cineálta le cén duine?
- Céard a rinne sé?
- An féidir liomsa a bheith cineálta ar nós Íosa inniu?



## Mairimis

### Cupán an Chineáltais

Déan fótachóipeanna de na híomhánna seo leanas ionas go mbeidh ceann an duine ar a laghad ag na daltaí, agus ceann don mhúinteoir fosta!

Déan an íomhá a fhilleadh agus a chur i 'cupán an chineáltais'. (Bain úsáid as cupán/babhla/próca). Tabhair cuireadh do gach páiste píosa páipéir a phiocadh amach agus a choimeád go dtí go roinntear an cineáltas. Is féidir a leithéid a dhéanamh cúpla uair i rith na seachtaine. Coimeád 'cupán an chineáltais' san Áit Urnaí i rith na seachtaine.




Lig do dhuine ón rang dul romhat sa scuaine



Abair rud éigin cairdiúil le duine ón rang



Roinn le cara leat



Déan miongháire le duine



Ardaigh píosa bruscair



Tabhair cuireadh do dhuine nua a bheith ag súgradh leat



Réitigh an bord roimh bhéile



Múch an t-uisce a fhad is a bhíonn na fiacla á nglanadh agat



Slachtaigh na bréagáin sula n-iarrtar ort é

Tabhair an dán 'Cupán an Chineáltais' (FIG, NB, Téama 1: Mo Theaghlach) chun cuimhne.



# An Mháirt: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a mhaithim agus nuair a dhéanaim athmhuintearas

*Bígí muinteartha le chéile agus atruach, ag maitheamh dá chéile faoi mar a mhaith Dia daoibh féin i gCríost. (Eif 4:32)*

*Ná tugaigí breith agus ní thabharfar breith oraibh. Ná daoraigí agus ní dhaorfar sibh. Maithigí agus maithfear daoibh. (Lúcás 6:37)*

## Breathnaímis

Cuir an ghníomhaíocht ó inné (cupán an chineáltais) in iúl do na daltaí athuair. Cuimhnigh ar na bealaí ina n-iarrann Íosa orainn bheith cineálta. Smaoinigh ar na hamanna nuair a roinnimid, agus nuair a bhímid cabhrach; nuair a bhímid cineálta cneasta, nuair a thugaimid cuireadh do dhaoine a bheith ag súgradh linn; na dea-fhocail a roinnimid lena chéile.

**Spreag** na páistí le go dtabharfaidís chun cuimhne na huaireanta a raibh siad ag déanamh aithris ar Íosa, agus an rud a lorgaíonn sé uainn á dhéanamh acu.

**Cuir i gCuimhne** do na leanaí go dtarlaíonn uaireanta go ndéantar dearmad, nó nach ndéanaimid an rogha maireachtáil ar nós Íosa. Ní bhíonn fonn orainn uaireanta rudaí a roinnt, cabhair a thabhairt, an focal deas a rá, aire a thabhairt do bhalcaisí an duine eile.

**Iarr** ar na páistí a rá leat más rud é go ndearna siad éagóir riamh. Cad a tharla? Má dhéanaimid an éagóir ar dhuine, bíonn sé de dhualgas orainn iarracht a dhéanamh gach rud a chur i gceart arís. Bíonn Dia inár dteannta i gcónaí, agus tabharfaidh sé cabhair dúinn an scéal a leigheas. Bíonn áthas ar Dhia nuair a dhéanaimid leithscéal a ghabháil. Bíonn áthas air toisc go ndearnamar an rud a d'iarr Íosa orainn. Gabhaimid leithscéal le tabhairt le fios go bhfuil grá do Dhia agus dá chéile againn .

## Paidir

A Dhia Chaoin,

Cabhraigh liom maireachtáil de réir mar a thaispeáin Íosa dom.

Nuair a theipeann orm an rud ceart a dhéanamh, treoraigh ar ais mé chuig do bhealach grámhar.

Deonaigh go gcuimhneoidh mé i gcónaí, ar an leithscéal a ghabháil. Amen.

## Foghlaimimis

Bhí pobal Dé ag iarraidh an rud a d'iarr Íosa uathu a dhéanamh ar feadh na mblianta fada. Rinne pobal Dé gach aon iarracht a bheith grámhar cabhrach, meas a léiriú agus an roinnt a dhéanamh. Rinneadar iarracht cuimhneamh air, na paidreacha cuí a rá agus an focal molta a úsáid lena chéile. Bíonn Dia inár dteannta i gcónaí. (*Spreag na daltaí leis na gnéithe éagsúla dá saol a liostáil [m.sh. an baile, an scoil, cúrsaí spóirt, an rince, ag cuartaíocht, ag siopadóireacht, 7rl.] agus cuir i gcuimhne dóibh go mbíonn Dia le sonrú sna háiteanna sin chomh maith.*) Leanann grá Dé dúinn de shíor. Ba mhaith leis go mbeadh tuiscint againn ar an méid grá atá aige dúinn. Nuair a chuimhnimid ar ghrá éachtach Dé, gabhaimid buíochas le Dia.

Bíonn grá Dé á roinnt againn nuair a gabhaimid leithscéal as na botúin a dhéanaimid. Tuigeann Íosa go maith nach mbíonn sé éasca dúinn i gcónaí, an leithscéal a ghabháil, go háirithe más rud é gur ghortaigh an duine eile muid. I Soiscéal Lúcaís roinneann Íosa teachtaireacht thábhachtach linn. Deir sé: *Bíodh grá agaibh do bhuir naimhde, déanaigí an mhaith dóibh seo a thugann fuath daoibh.* (Lúcás 6:27).



Cuireann Íosa i gcuimhne dúinn gur minic nach mbíonn daoine cineálta linn. Má ghortaítear sinn, bíonn an cathú ann caitheamh go suarach leis an duine eile. Iarrann Íosa orainn gan na daoine sin a ghortú. Deir sé linn go gcaithfear rud tábhachtach, rud a bheadh deacair le cur i bhfeidhm a dhéanamh, sé sin maithiúnas a thabhairt don té a ghortaigh sinn. Abraimis na focail sin lena chéile anois: **'Maithim duit'**. Nuair a deirimid na focail **'Maithim duit'** táimid ag maireachtáil de réir bhriathar Íosa. Cuireann Íosa i gcuimhne dúinn go bhfuil grá síoraí ag Dia dúinn. Ionas go mbeimid ag tabhairt le fios do Dhia gur mhaith linn maireachtáil ar nós Íosa, deirimid 'Maithim duit' nuair a ghortaítear sinn. (Noda don Mhúinteoir: Déan cur síos ar 'namhad' mar dhuine a roghnaíonn a bheith míchineálta nó leithleach i leith an duine eile.)

## Mairimis

Gabhaimid buíochas le Dia as ucht an ghrá shíoraí a léiríonn sé dúinn. Ba mhaith linn maireachtáil de réir bhriathar Íosa. Ba mhaith linn a bheith ar nós Íosa. Nuair a dhéanaimid botúin, gabhaimid leithscéal. Ba mhaith linn maireachtáil ar nós Íosa chomh maith. Nuair a ghortaíonn an duine eile sinn i bhfocail nó i ngníomh, déanaimid an rud a mhúin Íosa dúinn, maithimid dóibh. Nuair a bhímid ag caint le Dia, bímid ag paidreoireacht.

Uaireanta bímid ag guí os ard, uaireanta bímid ag guí os íseal ionas nach féidir ach le Dia sinn a chloisteáil. Uaireanta bímid ag guí i dteannta a chéile, uaireanta déanaimid guí aonarach.

Mhúin Íosa dúinn conas guí Dé a dhéanamh. Nuair a bhíonn an 'Ár nAthair' á rá againn, bainimid úsáid as na focail chéanna a bhí in úsáid ag Íosa. Sa phaidir seo bímid ag iarraidh ar Dhia cabhrú linn maithiúnas a thabhairt don duine a ghortaigh sinn nuair a deirimid: '... agus maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin'.



Guímis an phaidir speisialta sin lena chéile: **Ár nAthair atá ar Neamh**, Déan an cárta urnaí thíos a mhaisiú, beir leat abhaile é le cur in áit ar leith ina bhféadfadh an teaghlach guí i dteannta lena chéile ann.

**Ár nAthair atá ar neamh,  
go naofar d'ainm,  
go dtaga do ríocht,  
go ndéantar do thoil ar an talamh  
mar a dhéantar ar neamh.**

**Ár n-arán laethúil tabhair  
dúinn inniu,  
agus maith dúinn ár bhfiacha,  
mar a mhaithimidne dár  
bhféichiúna féin,  
agus ná lig sinn i gcathú,  
ach saor sinn ó olc.**

**Amen**





# An Déardaoin: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a dhéanaim an ceart is an chóir

*Is méanar don dream a choinníonn an ceart, agus a chloíonn leis an bhfíréantacht de shíor. (Salm 106:3)*

## Breathnaímis

Bí ag plé leis na daltaí na straitéisí a bhí le foghlaim maidir le teagasc Íosa faoi bheith cneasta maiteach lena chéile. Téigh siar ar ‘cupán an chineáltais’ inniu agus tabhair cuireadh don uile dhuine sa rang duillín a bhaint ón gcupán san ‘Áit Urnaí’. Meabhraigh do na daltaí go gcaithfidh siad an cineáltas a roinnt ar scoil agus sa bhaile chomh maith. Nuair a bhímid cneasta maiteach bímid ag maireachtáil ar nós Íosa. Caithimid iarracht a dhéanamh a bheith cothrom. Cén taithí a bheadh ag na mic léinn faoin gcothromaíocht? Ar mhothaigh siad riamh nach rabhtas ag déileáil leo ar bhonn cothrom? Bíonn sé dúshlánach a bheith cothrom i gcónaí. Déan na pointí thíos a phlé lena chéile:

- Tá pinn luaidhe daite úra agam, níl dath ar bith ag an duine in aice liom. Iarrann an múinteoir ar an rang pictiúr daite a chur i gcópleabhar. Cad ba cheart dom a dhéanamh?
- Cuireann daltaí ón rang ceist orm a bheith ag súgradh sa chlós leo. B’fhearr liom a bheith ag súgradh le daoine eile. Cad ba cheart dom a dhéanamh?
- Cuirtear ceist orm sa bhaile na bréagáin a shlachtú. B’fhearr liom breathnú ar an TV. Cad ba cheart dom a dhéanamh?
- Táim sa bhaile ag imirt ar an táibléad. Ba mhaith le mo dheirfiúr/dheartháir turas a bheith aici/aige, ach tá cluiche idir lámha agam. Cad ba cheart dom a dhéanamh?

## Paidir

A Dhia Ghrámhar, gabhaimid buíochas leat as ucht Íosa a chur chugainn le taispeáint dúinn conas a bheith cothrom agus cneasta. Gabhaim buíochas leat as ucht an duine ar leith a rinne tú díom. Cabhraigh liom bheith cothrom agus cneasta do chách. Amen.

## Foghlaimímis

Níor mhúin Íosa dúinn a bheith cothrom cneasta le **cuid** daoine; mhúin sé dúinn conas grá Dé a thabhairt do **chách**.

Seo scéal a chuala Íosa nuair a bhí sé ina bhuachaill óg. Théadh Íosa agus a mhuintir chun an teampaill le guí chun Dé. Bhíodh cuid mhaith urnaí le déanamh sa teampall. Bhíodh an ceannaire ag léamh scéalta ó leabhar ar leith ionas go gcuimhneodh an pobal ar na rudaí iontacha a rinne Dia ar ár son toisc go bhfuil grá aige dúinn. Is é seo ceann de na scéalta sin.



### Iósaf agus a Dheartháireacha (tógtha ó Geineasas 37-47)

Fadó fadó i dtír darb ainm Canán bhí cónaí ar an bhfear seo Iacób. Feirmeoir ba ea Iacób agus bhí dháréag mac aige. Bhí grá ag Iacób don uile mhac acu, ach ba é Iósaf, an dara mac ab óige, an buachaill ab ansa leis. Tharla lá, gur fhill Iacób ón mhargadh, agus go raibh bronntanas ar leith aige do Iósaf.

Cóta taibhseach a bhí ann, cóta nach bhfacthas a leithéid riamh. Bhí áthas an domhain ar Iósaf nuair a thug an t-athair an bronntanas speisialta dó, agus ghabh sé buíochas leis go faíoch. Ní raibh na deartháireacha eile róshásta go bhfuair Iósaf an féirín iontach seo. Theastaigh an sórt céanna cóta uathu ar fad. Bhíodar go mór in éad le Iósaf. Bhí an méid sin feirge orthu gur chinn siad ar rud uafásach a dhéanamh. Lá dá raibh Iacób as baile, agus na deartháireacha ag obair leo ar an bhfeirm, tháinig díorma thart agus sclábhaithe ar díol á lorg acu. Dhíol na deartháireacha Iósaf leo, agus rugadar leo é go tír i bhfad ó bhaile darb ainm an Éigipt. Chaith Iósaf tamall fada ag obair mar sclábhaí san Éigipt. A fhad is a bhí sé mar sclábhaí, bhíodh a fios aige go raibh Dia ina fhochair. Bhíodh sé ag guí chun Dé, agus ag iarraidh ar Dhia a bheannacht a chur ar a athair agus ar a dheartháireacha.

Bhíodh Iósaf cineálta cneasta i gcónaí, agus scaoileadh saor ón sclábhaíocht ag an deireadh é. Chuala Rí na hÉigipte mar gheall ar an bhfear cineálta cneasta seo, chuir sé glao Iósaf chun an pháláis agus thug post tábhachtach dó. Bhíodh Iósaf i bhfeighil an bhia ar fad a bhí i dtír na hÉigipte. Ní raibh cúrsaí go maith sa bhaile i gCanán, ó thaobh Iacób agus an chlann de. Níor fhás na síolta a cuireadh i dtalamh ar chor ar bith. Ní raibh bia ar bith ann do na hainmhithe, agus tar éis tamaill ní raibh bia fágtha ag pobal Chanáin ach oiread. Bhí ocra an domhain orthu. Chuala duine de mhic Iacób go raibh bia go leor i dtír na hÉigipte. Shocraigh an teaghlach ar thaisteal chun na hÉigipte agus bia a lorg ó Rí na hÉigipte. Nuair a tháinig Iacób agus na mic chun na hÉigipte cuireadh ar aghaidh iad chun bualadh leis an té a bhí i bhfeighil an bhia. Chuir an fear seo go leor ceisteanna orthu maidir leo féin.

D'iarr sé orthu an raibh deartháir ar bith eile acu. D'inis na deartháireacha an scéal maidir leis an rud a rinneadar leis an dara mac ab óige Iósaf. Dúradar leis an bhfear a bhí i bhfeighil an bhia go raibh an-bhrón orthu. Ghabh siad leithscéal. Léim an fear a bhí i bhfeighil an bhia in airde ón chathaoir agus straois leathan ghéire air. Ní fhaca muintir Iacób a leithéid riamh. D'iarr an fear ar airm an pháláis a oiread bia is a d'fhéadfaidís a thabhairt isteach agus a roinnt leis na cuairteoirí. Bhí Iacób ag breathnú agus ag stánadh ar an bhfear seo. Cheap sé gur aithin sé a aghaidh. Go tobann lig Iacób scread as, agus ghlaigh amach ainm nach raibh ráite aige le fada an lá!

### Cíor

- Cén t-ainm a scread Iacób os ard?
- Conas a d'aithin Iacób é? (*spreag na daltaí le haidiachtaí a úsáid: cneasta/cairdiúil/ag roinnt/cabhrach/maiteach*)
- Cén fáth go ndeachaigh clann Iacób go dtí an Éigipt?
- Cén fáth go raibh na deartháireacha ag gabháil leithscéil?
- Conas a léirigh Iósaf maithiúnas dá dheartháireacha?

### Mairimis

Bhí Iósaf cneasta lena dheartháireacha. Mhaith sé an éagóir a rinneadar air. Bhí Iósaf cothrom agus flaitiúil lena dheartháireacha. Chaith sé leo de réir mar a iarrann Dia orainne bheith ag déileáil lena chéile. Iarraimid ar Dhia cabhair a thabhairt dúinn a bheith cothrom le cách, ag súgradh ar scoil dúinn, ag roinnt sa bhaile, ar scoil, i ngach áit ina mbíimid.



## Iósaf agus a Dheartháireacha

Cuir dath ar an bpictiúr thíos.





## An Aoine: Is mise aghaidh thrócaireach Dé nuair a mhairim ar nós Íosa

*Dúirt sé leis: “Gráóidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d’anam go hiomlán agus ó d’aighe go hiomlán’ – is í sin an aithne mhór agus an phríomhaithne. Agus is cosúil léise an dara ceann: ‘Gráóidh tú do chomharsa mar thú féin.’ (Matha 22:37-39)*

### Breathnaímis

Cuir tús leis an gceacht trí tagairt a dhéanamh do dhuine ar leith a mhúineann dúinn conas grá a thabhairt do Dhia agus dá chéile.

Téigh siar ar an méid a thuigeann na daltaí cheana féin faoi Íosa:

#### An duine seo ...

- rugadh in anallód é
- bhí sé cineálta leis an uile dhuine a tháinig ina fhochair
- d’éist sé le daoine
- múinteoir iontach ab ea é
- chabhraigh sé le daoine aiféala a léiriú
- thug sé dea-shampla dúinn maidir le bheith ionraic, cneasta, cothrom agus macánta
- ghabh sé cúram chách air féin agus thug grá dóibh (Eoin 6:1-13)
- chabhraigh sé leis na heasláin (Lúcás 17:11-19)
- mhúin sé dúinn conas guí chun Dia ár nAthair (Matha 6:9-13)
- 

### Le Foghlaim

(Tá forleathnú ar an téama seo ag FiG, NB, Téama 5: Ceacht 3, Múineann Íosa dúinn..)

Tugann Íosa grá don uile dhuine againn. Is eisean an cara ar leith atá againn. Cabhraíonn ár muintir féin, agus go leor daoine eile linn bheith cairdiúil le hÍosa. Déan ransú smaointe leis na daltaí ag liostáil na ndaoine eile a chabhraíonn linn dea-shampla Íosa a leanúint. I rith na seachtaine seo bhíomar ag smaoinemh ar bheith i ngiorracht do Dhia trí bheith ag maireachtáil de réir a bhriathar. Spreag na daltaí le go dtabharfaidís chun cuimhne na hamanna a raibh siad ionraic, cneasta, cothrom, cabhrach agus macánta i rith na seachtaine.





### **An Phríomhathne (curtha in oiriúint ó Mhatha 22:34-40)**

Bhí suim ag cuid mhaith daoine Íosa a leanúint; theastaigh uathu a fhoghlaim conas an grá do Dhia a léiriú. Lá dá raibh Íosa sa teampall, chuir fear amháin ceist rithábhachtach air. Ba mhaith leis a fháil amach conas a d'fhéadfaí a bheith cinnte de go raibh grá do Dhia á léiriú go fírinneach aige. Thug Íosa freagra thar a bheith simplí air. Dúirt sé leis: Gráoidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó d'aighe go hiomlán' – is í sin an aithne mhór agus an príomhathne. Agus is cosúil leis an dara ceann: 'Gráoidh tú do chomharsa mar thú féin'.

Cad iad na bealaí ina léirimid grá do Dhia agus dá chéile?

### **Mairimis**

Seachtain ar leith ar scoil ba ea an tseachtain seo. Rinneamar ceiliúradh ar na bealaí éagsúla ina dtugaimid grá do Dhia. Tugaimis ómós do Dhia as ucht a mhac Íosa a chur chugainn le cairdeas a dhéanamh linn. Seo paidir áirithe a deirtear le Dia:

Gráim le mo chroí iomlán tú a Dhia;  
Tugaim grá do dhaoine eile freisin.  
Go raibh maith agat a Dhia as ucht  
an grá a thabhairt dom i gcónaí.  
Amen.





### Gníomhaíocht/Bileog Oibre

Cé hiad na daoine a thugaimid grá dóibh? Tarraing pictiúir de na daoine sin sna croíthe éagsúla. Táid nasctha sa lár le grá Dé.

